

## Stopanna póilíní agus mionlaigh: próifíliú eitneach idirdhealaitheach a thuiscint agus a chosc

Cuireann **Airteagal 21** den [Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh](#) cosc ar idirdhealú ar roinnt foras, lena n-áirítear bunús ciníoch agus eitneach.

### Próifíliú eitneach idirdhealaitheach san AE

Nuair a úsáidtear é mar theicníc imscrúdaithe i gcomhthéacs an fhorfheidhmithe dlí, tagraítear go minic do phróifíliú eitneach mar “phróifíliú coiriúil”. Úsáideann an cineál próifílithe seo táscairí cosúil le tréithe fisiciúla, cuma nó iompar chun “cur síos amhrastaigh a thabhairt”. I measc na samplaí de tháscairí ar féidir a úsáid tá eitneacht, éadaí, nó láithreacha taitithe.

Éiríonn próifíliú neamhdhleathach nuair atá sé idirdhealaitheach.

Is éard atá i gceist le próifíliú eitneach idirdhealaitheach ná:

- caitheamh go neamhfhabhrach le duine i gcomparáid le daoine eile atá i gcúinsí cosúla, mar shampla, trí chumhachtaí póilíneachta cosúil le stop agus cuardach a chleachtadh;
- nuair atá an cinneadh seo chun cumhachtaí póilíneachta a chleachtadh bunaithe go hiomlán nó go príomha ar chine nó eitneacht duine.

### Cén fáth a bhfuil próifíliú eitneach idirdhealaitheach neamhdhleathach?

Tá idirdhealú díreach ar bhonn cine nó eitneachta neamhdhleathach. Is ionann seo agus prionsabal na dlí idirnáisiúnta agus cuimsítear é i gCairt um Chearta Bunúsacha an AE.

Nuair a chleachtar cumhachtaí póilíneachta i dtaobh daoine aonair agus is í an *t-aon nó príomhchúis* leis seo ná a gcine nó a n-eitneacht, tá próifíliú idirdhealaitheach.

D’fhonn idirdhealú a sheachaint, ba chóir go mbeadh aon chinneadh chun cumhachtaí póilíneachta a chleachtadh bunaithe ar thosca sa bhreis ar chine nó eitneacht duine. Is fíor é seo fiú nuair a bhaineann bunús ciníoch nó eitneach leis an oibríocht nó beartas áirithe.

### Staidrimh eitneach san AE

Níl faisnéis staitistiúil dí-chomhbhailithe a bhaineann le húsáid na gcumhachtaí póilíneachta de réir cine nó eitneachta ar fáil i bhformhór Ballstát an AE. Féadfar faisnéis dá leithéid a úsáid chun idirdhealú a chosc.

Is é an príomhdhúshlán a bhaineann le sonraí dá leithéid a bhailiú ná léirmhíniú forleathan na n-institiúidí náisiúnta nach mbeadh sé i gcomhréir le rialacha maidir le cosaint na príobháideachais, go háirithe le cosaint sonraí. Ní hamhlaidh an cás, fad atá cosaint leordhóthanacha i bhfeidhm chun a cinntiú go bhfuil an ceart chun príobháideachais cosanta.

Féadfar sonraí staitistiúla ar eitneacht - nach gceadaíonn daoine a aithint - a léamh in éineacht le faisnéis ar cibé ar tharla stopanna mar thoradh ar ghníomh neamhdhleathach a bheith á dhéanamh ag an duine aonair, nó an raibh siad in ann gníomh dá leithéid a chosc. Nuair atá éagothromaíochtaí míchuí ann idir dhaoine ó mhionlaigh áirithe a bheith á stop agus ráta braite nó coisc na coireachta, d’fhéadfadh sé seo iontaobh iomarcach ar bhunús cine nó eitneach a thabhairt le tuiscint mar chritéar, agus go bhfuil idirdhealú i gceist.

Is é an Ríocht Aontaithe an t-aon cheann de Bhallstáit an AE a bhailíonn sonraí na bpóilíní maidir le stopanna ar bhonn córasaí, in éineacht le faisnéis ar eitneacht na ndaoine a stopadh. Tá na sonraí a bhailítear sa Ríocht Aontaithe ar fáil don phobal agus mar sin féadfaidh siad cuidiú le cuntasacht na bpóilíní a chinntiú.

Tá rath na póilíneachta mar “sheirbhís phoiblí” nasctha leis an gcaoi ina gcaitear le pobail éagsúla, agus le conas a mhothaíonn siad faoin mbealach a chaitheann na póilíní leo. Tuairiscítear leibhéal níos airde coireanna mar thoradh ar chaidrimh mhaithe leis na póilíní agus muinín sa tseirbhís.


### Eispéireas na mionlach AE ar phóilíneacht

Léiríonn [EU-MIDIS](#), an chéad suirbhé uile-AE a cheistigh inimircigh agus grúpaí mionlacha eitneacha faoina dtaithe ar idirdhealú agus íospairt coiriúil sa saol laethúil go:

- Stop na póilíní mionlaigh níos minice ná na grúpaí tromlaigh ag maireachtáil sna comharsanachtaí céanna sa Bheilg, sa Ghearmáin, sa Ghréig, sa Spáinn, sa Fhrainc agus san Ungáir. Níorbh amhlaidh an cás i bPoblacht na Slóvaice, sa Bhulgáir, san Iodáil ná sa Rómáin.

**Figióir 1**

**Stoptha ag na póilíní le 12 mhí anuas (%) (as na freagróirí uile)**



*Tabhair faoi deara, ní dhearnadh comparáidí idir stopanna na bpóilíní i leith daonraí mionlacha agus tromlaigh ach i ndeich gcinn de 27 Ballstát an AE)*

*Giarrúcháin na dtíortha*

*BE = An Bheilg, BG = An Bhulgáir, DE = An Ghearmáin, EL = An Ghréig, ES = An Spáinn, FR = An Fhrainc, IT = An Iodáil, HU = An Ungáir, RO = An Rómáin, SK = Poblacht na Slóvaice.*

- Déantar póilíneacht trom ar roinnt grúpaí mionlaigh – mar shampla stop póilíní na freagróirí Romach sa Ghréig beagnach 6 huairé ar an meán thar tréimhse 12 mhí.

- Is gnáth d’fhreagróirí tromlaigh a bheith den tuairim go mbíonn meas ag na póilíní orthu, cé go léiríonn na freagróirí mionlacha nach bhfuil meas ag na póilíní orthu.

Mar shampla, sa Bheilg, mheas 85% d’fhreagróirí ón daonra tromlaigh go raibh meas na póilíní orthu le linn an stop póilíní deireanach a tharla, i gcomparáid le 42% d’fhreagróirí na hAfraice Thuaidh agus 55% d’fhreagróirí na Tuirce.

- Tá leibhéal muiníne níos ísle i bpóilíní ag grúpaí mionlaigh a mheasann gur stop na póilíní iad de bharr a gcúlra eitnigh nó inimircigh ná mar atá ag mionlaigh a stopadh agus a bhreithnigh nár bhain sé lena gcúlra mionlach.

- Dúirt gach dara íospartach i leith ionsaithe, bagartha nó ciaptha tromchúisigh nár thug siad tuairisc ar na teagmhais seo do na póilíní toisc nach raibh siad muiníneach go ndéanfaí aon ní mar gheall orthu.

## Cúlra

Tá dhá thuarascáil foilsithe ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) maidir le stopanna póilíní agus mionlaigh:

- **EU-MIDIS Sonraí i dTuarascáil Fócais: Stopanna póilíní agus mionlaigh [EU-MIDIS Data in Focus Report: Police stops and minorities]** (Deireadh Fómhair 2010)

- **Próifiliú Eitneach Idirhealaitheach a Thuiscint agus a Chosc: Treoir [Understanding and preventing discriminatory ethnic profiling: a Guide]** (Deireadh Fómhair 2010)

Chuir an FRA agallamh ar 23,500 freagróir inimirceach agus mionlaigh eitneach in agallaimh cheistneora duine le duine i 27 Ballstát an AE uile i rith na bliana 2008. Cuireadh agallamh ar 5,000 duine breise ó dhaonra tromlaigh a bhí ag maireachtáil sna ceantair chéanna leis na mionlaigh sa Bheilg, sa Bhulgáir, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sa Ghréig, san Ungáir, san Iodáil, sa Rómáin, sa Spáinn agus i bPoblacht na Slóvaice d’fhonn na príomh-thorthaí a chur i gcomparáid lena chéile.

Tá príomh-thorthaí EU-MIDIS ar fáil ag [www.fra.europa.eu](http://www.fra.europa.eu)